Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Eanáir 2024
(OR. en)

5094/24

LIMITE

JUSTCIV 2
AL 1
JAIEX 3
JAI 10

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0027(CNS)**

PUBLIC

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena dtugtar de chumhacht don Fhrainc comhaontú déthaobhach a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta a bhaineann le dlí teaghlaigh a chaibidil leis an Ailgéir<br>- Glacadh |

1. An 8 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 81(3) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Chuathas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa an 17 Feabhra 2023, agus ghlac sí tuairim dhearfach an 12 Nollaig 2023.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta) an togra ón gCoimisiún agus iarradh ar na toscaireachtaí barúlacha a thabhairt. I bhfianaise na mbarúlacha sin, rinneadh an togra a athdhréachtú agus a chomhaontú sa chruinniú a bhí ag an Meitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta) an 20 Meitheamh 2023[2]. Rinne dlítheangeolaithe athbhreithniú ar an téacs ina dhiaidh sin mar a leagtar amach in 15124/23 é. Tá na toscaireachtaí in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an togra.

[1] 6253/23.
[2] 15251/23.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh

(a) a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle mar a leagtar amach in 15124/23 INIT é; agus

b) a mholadh don Chomhairle[3][4] an Cinneadh lena dtugtar de chumhacht don Fhrainc comhaontú déthaobhach a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta a bhaineann leis an dlí teaghlaigh a chaibidil leis an Ailgéir, mar a leagtar amach in 15124/23 é, a ghlacadh.

PUBLIC

---

[3] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

[4] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.